



An tOmbudsman Eorpach

# Tuarascáil Bhliantúil 2019





**An tOmbudsman Eorpach**

# **Tuarascáil Bhliantúil 2019**



# Clár Ábhair

<b>Réamhrá</b>	<b>4</b>
<b>Sracfhéachaint ar 2019</b>	<b>7</b>
<b>Príomhthopaicí</b>	<b>9</b>
2.1 Cuntasacht i gcinnteoireacht AE	10
2.2 Trédhearcacht sa bhrústocaireacht	12
2.3 Rochtain ar dhoiciméid	13
2.4 Cearta bunúsacha	13
2.5 Ceisteanna eiticiúla	15
2.6 Gníomhaireachtaí AE agus comhlachtaí eile	15
2.7 Conarthaí agus deontais AE	16
2.8 Rannpháirtíocht saoránach i gceapadh beartas AE	17
<b>Cumarsáide agus comhar</b>	<b>18</b>
3.1 Cumarsáid	19
3.2 Caidreamh le hinstitiúidí an AE	20
3.3 Líonra Eorpach na nOmbudsman	23
3.4 Gradam don Dea-Riarachán	27
<b>Cásanna agus gearáin: conas a fhreastalaímid ar an bpobal</b>	<b>29</b>
4.1 Cineál agus foinse na ngearán	30
4.2 I gcoinne cé?	36
4.3 Ábhar na bhfiosrúchán	37
4.4 Torthaí a baineadh amach	38
4.5 Comhlíonadh le tograí an Ombudsman	41
<b>Toghadh an Ombudsman Eorpaigh</b>	<b>42</b>
<b>Acmhainní</b>	<b>44</b>
6.1 An Buiséad	45
6.2 Úsáid acmhainní	45
<b>Conas dul i dteagmháil leis an Ombudsman Eorpach</b>	<b>46</b>

---

# Réamhrá

Is mór an pléisiúr dom an obair a rinne Oifig an Ombudsman Eorpaigh in 2019 a chur i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Is é déileáil le gearáin príomhghnó Oifig an Ombudsman. In 2019, fuaireamar líon mór gearán ó bhaill den phobal, an tsochaí shibhialta, gnólachtaí agus na meáin. Creidim nár cheart glacadh leis seo mar fhianaise ar laige i riarachán an AE, ach mar thoradh ar thuiscint níos fearr ar an obair a dhéanann an Oifig seo agus ar na torthaí dearfacha is féidir linn a bhaint amach.

Braitheann éifeachtacht institiúidí na n-ombudsman ar chaidreamh cuiditheach a bheith acu leis na heagraíochtaí a ndéanann siad grinnschrúdú ar an obair atá á cur i gcrích acu. Chuige sin, is díol sásaimh dom an comhar leanúnach ó institiúidí, ó ghníomhaireachtaí agus ó chomhlachtaí an Aontais ar mhaithe leis an gcomhar eatarthu.

Go háirithe, is mór agam an tacaíocht agus an caidreamh cuiditheach leanúnach atá ann le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste um Achainíocha. I mí Eanáir 2019, thacaigh an Pharlaimint leis an Tuarascáil Speisialta maidir le cuntasacht na Comhairle agus trédhearcacht an chaoi a ndéileálann an Chomhairle le reachtaíocht.

Mar a luaigh mé cheana, creidim gur saincheist ríthábhachtach é seo chomh fada is a bhaineann le creidiúnacht an AE. Trí phróiseas na reachtóireachta a dhéanamh níos trédhearcaí, is féidir cabhrú le deireadh a chur leis na miotais nach bhfuil sna rialtais náisiúnta nó sna Ballstáit ach “glacadóirí dlí” de chuid na Bruiséile.

Cé nach bhfuil na moltaí a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta curtha chun feidhme ag an gComhairle fós, tá níos mó tacaíochta i measc rialtais na mBallstát do bhreis trédhearcachta maidir le hobair chomhlachtaí reachtach na Comhairle.

D’fhoill cur leis seo, chuir mé tús le roinnt fiosrúcháin níos sonraí maidir le próiseas ceaptha beartas agus reachtóireachta an Aontais. Áiríodh ina measc: conas a dhéileálann an Grúpa Euro le doiciméid ina ndéantar cur síos ar a chuid oibre, agus cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear na doiciméid seo ar fáil don phobal; an easpa trédhearcachta i gcinntí bliantúla rialtais na mBallstát sa Chomhairle maidir le cuótaí iascaireachta; agus mainneachtain rochtain phoiblí a sholáthar ar na seasaimh ar ghlac údarais náisiúnta leo maidir leis an mbaol atá á chruthú ag lotnaidicídí do bheacha sa Choiste AE atá freagrach as seo.



Emily O'Reilly, an tOmbudsman Eorpach.

Leanamar leis an dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhealaigh a ndéileálann an Oifig le gearáin. Tá an meán-am fiosrúchán laghdaithe, agus bhí torthaí maithe do ghearánaigh mar thoradh ar an nós imeachta “Mear” le haghaidh iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid.

I mí Aibreáin, reáchtálar comhdháil bhliantúil Lónra Eorpach na nOmbudsman. Tionóladh an chomhdháil i bParlaimint na hEorpa agus, roimh na toghcháin Eorpacha, ba é an príomhthéama a bhí ann conas rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas daonlathach a neartú.

I mí an Mheithimh, bhí an-áthas orm buaiteoirí an dara heagrán den Ghradam don Dea-Riarachán a chur i láthair. Ainmníodh 54 thionscadal spreagúil ó na príomhinstitiúidí AE don ghradam, mar aon le go leor gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile. Bronnadh an Príomhghradam don Dhea-Riarachán ar fhoirne ón gCoimisiún Eorpach a d’oibrigh ar thionscnamh an AE chun truailliú plaistigh a laghdú agus aird a tharraingt ar an bhfadhb.

Níl anseo ach léargas ar na gníomhaíochtaí a raibh baint ag m’Oifig leo in 2019, agus déantar cur síos níos mionsonraithe orthu sa tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, is é seo tuarascáil deiridh mo chéad téarma mar Ombudsman. Is mór an onóir dom gur thogh Parlaimint na hEorpa mé, i mí na Nollag, chun an dara téarma a chur isteach.

In 2020, beidh an straitéis don dara téarma mar Ombudsman á leagan amach agam. Beidh na príomhthéamaí mar an gcéanna, áfach: leanúint ar aghaidh ag freastal ar shaoránaigh na hEorpa agus a chinntiú go bhfuil institiúidí an AE ag feidhmiú ag na caighdeáin riaracháin is airde agus is féidir, agus ag an am céanna trédhearcacht agus eitic a chur chun cinn.



Emily O'Reilly

1

---

# Sracfhéachaint ar 2019

# 1 Eanáir

Tacaíonn Parlaimint na hEorpa le tograí an Ombudsman maidir le trédhearcacht reachtúil na Comhairle

# 7 Iúil

Cinneadh maidir le conas a láimhseálann an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach cruinnithe le cuideachtaí cógaisíochta

# 2 Feabhra

Molann an tOmbudsman taifead an AE maidir le trédhearcacht Brexit

# 8 Lúnasa

Comhaontaíonn an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí breis rochtana a thabhairt ar fhaisnéis faoin gcomhlacht comhairleach, an Painéal Teicneolaíochta Domhanda

# 3 Márta

Déanann an tOmbudsman tograí maidir le conas cur chun feidhme rialacha doirse imrothlacha institiúidí an AE a fheabhsú

# 9 Meán Fómhair

Tuarascáil Bhliantúil 2018 tíolactha do Choiste um Achainíochta Parlaimint na hEorpa

# 4 Aibreán

Comhdháil Líonra Eorpach na nOmbudsman sa Bhruiséil

# 10 Deireadh Fómhair

Lorgaíonn an tOmbudsman trédhearcacht réamhghníomhach ón gComhairle maidir le doiciméid a bhaineann le sonraí na gcuótaí iascaireachta bliantúla

# 5 Bealtaine

Preasagallamh bliantúil – béim ar thrédhearcacht i gcinnteoireacht Ballstát

# 11 Samhain

Labhraíonn an tOmbudsman ag comhdháil chomóradh 10 mbliana bhunú Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

# 6 Meitheamh

Gradam don Dea-Riarachán bronnata ar an gCoimisiún Eorpach dá straitéis chun truailliú plaistigh a laghdú

# 12 Nollaig

An tOmbudsman Eorpach a thoghadh

# 2

---

## Príomhthopaicí

Cabhraíonn an tOmbudsman Eorpach le baill den phobal nuair a dhéanann siad teagmháil le hinstiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an AE. Fadhbanna a thagann chun cinn mar gheall ar easpa trédhearcachta i gcinnteoireacht nó diúltú rochtain a thabhairt ar dhoiciméid nó sáruithe ar chearta bunúsacha nó saincheisteanna conarthacha.

## 2.1 Cuntasacht i gcinnteoireacht AE

Ionas go mbeidh saoránaigh na hEorpa in ann a gceart daonlathach a fheidhmiú páirt a ghlacadh i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais Eorpaigh, agus chun na daoine lena mbaineann a choimeád cuntasach as, caithfidh plé reachtach a bheith sách trédhearcach.

Chuir an tOmbudsman roinnt **moltaí** faoi bhráid Chomhairle an Aontais Eorpaigh ionas go bhféadfai trédhearcacht a phróisis reachtaigh a fheabhsú. Thacaigh Parlaimint na hEorpa go láidir le tograí an Ombudsman ag tús 2019. Spreag an fiosrúchán agus an tacaíocht a tugadh dó tuilleadh machnaimh faoi thrédhearcacht sa Chomhairle. Ghlac deich mBallstát ceannaireacht, ag tacú le bunachar sonraí reachtach idirinstiúideach, agus ag moladh go ndéanfaí nuashonrú ar threoirlinnte maidir le doiciméid a mharcáil mar atá srianta ón rochtain phoiblí, agus go bhfoilseofai go réamhghníomhach toradh na caibidlíochta maidir le dréacht-dlíthe. **D'fháiltigh** an tOmbudsman roimh an bpáipéar neamhfhoirmiúil agus dúirt sí “go bhfuil sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil nasc idir easpa tuisceana agus rannpháirtíochta saoránach ar lámh amháin agus easpa iontaobhe comhfhreagraí ar an lámh eile a d'fhéadfadh tacú le cultúr frith-AE”.

Bhí an chaoi a ndéanann na rialtais náisiúnta cinntí sa Bhruiséil dírithe ar i roinnt fiosrúchán eile a rinne an tOmbudsman. I ndiaidh **gearán** a fháil ón ngrúpa sochaí sibhialta Francach, POLLINIS, d'íarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún seasaimh Ballstáit maidir le treoir chun measúnú a dhéanamh ar bhaol lotnaidicídí do bheacha a chur ar fáil. In 2013 chuir an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia treoir i dtoll a chéile ach níor glacadh leis an treoir fós mar gheall ar easaontas i measc na n-údarás náisiúnta. Thug an tOmbudsman faoi deara go bhfuil rochtain níos leithne ar dhoiciméid dá leithéid riachtanach lena chinntiú gur féidir le saoránaigh na hEorpa a gceart Conradhbhunaithe páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach an AE a fheidhmiú. Dhiúltaigh an Coimisiún moladh an Ombudsman a leanúint, ach dúirt sé go leanfadh sé lena mhachnamh a dhéanamh ar bhreis trédhearcachta ina leithéid sin de chinntí a chinntiú. Thug an tOmbudsman an cás chun críche, agus dhearbhaigh sí a toradh drochriaracháin, agus shonraigh sí go leanfadh sí le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.



### European Ombudsman

Risk assessment of pesticides on bees - public access to Member State positions: we have received over 400 messages in support of our inquiry.

We appreciate the encouragement!

Following reply from [@EU\\_Commission](#), we are considering next steps.

<https://europa.eu/!mN68Xq>



Measúnú riosca ar lotnaidicídí ar bheacha – rochtain phoiblí ar sheasaimh na mBallstát: tá breis is 400 teachtaireacht faighte againn ag tacú lenár bhfiosrúchán. Is ábhar mór misnigh dúinn na teachtaireachtaí! Tar éis freagra a fháil ón gCoimisiún Eorpach, tá na chéad chéimeanna eile á mbreithniú againn.



### European Ombudsman

[@mariofcenteno](#) agrees to improve [#Eurogroup](#) [#transparency](#) after our request.

We welcome that he will make public:

- ✓ agendas well ahead of meetings
- ✓ more info in summing-up notes
- ✓ Euro Working Group meeting dates
- ✓ ...

More: <https://europa.eu/!GU99mp>



Comhaontaíonn Uachtarán an Ghrúpa Euro, Mário Centeno, feabhas a chur ar thrédhearcacht ina institiúid tar éis dúinn é sin a iarraidh.

Fáiltimid roimh an gcinneadh atá déanta aige na nithe seo a leanas a chur ar fáil go poiblí: cláir oibre tamall maith roimh réachtáil na gcruinnithe; tuilleadh faisnéise sna nótaí achoimre; dátaí chruinnithe Mheitheal an Ghrúpa Euro...

Bhí gearán a rinne eagraíocht neamhrialtasach (ENR), ClientEarth, mar bhonn le cinneadh an Ombudsman [iarraidh](#) ar an gComhairle doiciméid phoiblí a bhaineann le cinntí bliantúla Ballstát maidir le cuótaí iascaireachta a chur ar fáil. Is iad na cinntí sin a bhíonn mar bhonn le gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) stoc áirithe éisc san Atlantach Thoir Thuaidh a shocrú. Ina measúnú ar an gcás, scríobh an tOmbudsman chun cuntasacht a chinntiú “go bhfuil sé riachtanach go mbeadh rochtain ag an bpobal ar na roghanna agus ar na seasaimh éagsúla atá á bplé”.

I lár na bliana 2019, dhírigh an tOmbudsman a haird ar na comhlachtaí a ullmhaíonn cruinnithe an Ghrúpa Euro, áit a dtagann airí airgeadais an Limistéir Euro le chéile. D’iarr sí ar Uachtarán an Ghrúpa Euro, Mário Centeno, cur chuige níos uailmhianáí a ghlacadh maidir le trédhearcacht Mheitheal an Ghrúpa Euro. Mar fhreagairt air sin, chomhaontaigh airí airgeadais an Limistéir Euro go bhfoilseofar na dréachtchláir oibre ó chruinnithe an Ghrúpa Euro níos luaithe ná roimhe sin agus go mbeidh an litir ina ndéantar achoimre ar na cruinnithe níos mionsonraithe.

Chomhaontaigh siad freisin go bhfoilseofar dátaí chruinnithe Mheitheal an Ghrúpa Euro agus go gcuirfear tuilleadh faisnéise ar fáil ar a suíomh gréasáin faoin obair a dhéanann an mheitheal.

Is cuid de ról ombudsman é a chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin agus go gcuirtear i gcrích gealltanais atá tugtha ag lucht riaracháin chun feabhas a chur ar réimsí dá chuid oibre. Is féidir é sin a bhaint amach trí fhiosrúcháin bunaithe ar ghearáin nó is féidir leis an ombudsman gníomhú ar a tionscnamh féin chun obair leantach a dhéanamh ar fhiosrúcháin a rinneadh roimhe sin.

Bhain sampla amháin den sórt sin in obair an Ombudsman le sainghrúpaí a chuireann sainchomhairle ar an gCoimisiún i réimsí éagsúla beartais. In 2017, rinne an tOmbudsman móranailís ar chóras sainghrúpaí an Choimisiúin, a raibh feabhsuithe tábhachtacha trédhearcachta mar thoradh uirthi. Ina dhiaidh sin, áfach, fuair an tOmbudsman gearán a bhain le faisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil faoi Choiste an Chláir As-If do Thaighde Cosanta, a chuireann comhairle ar an gCoimisiún maidir le taighde cosanta. D’áitigh an gearánach, ENR darbh ainm Vredesactie, nár chuir an Coimisiún roinnt faisnéise tábhachtaí faoin ngrúpa ar fáil, amhail miontuairiscí cruinnithe agus tuairimí ó dhaoine a d’fhreastail ar chruinnithe roimhe sin. I gcomhthéacs fhiosrúcháin an Ombudsman, rinne an Coimisiún an clár a nuashonrú trí chláir oibre agus miontuairiscí cruinnithe a chur leis, agus gheall sé go seachnófaí moilleanna amach anseo. Chomh maith leis sin, d’aontaigh an Coimisiún measúnú a dhéanamh ar na doiciméid chúlra is féidir a fhoilsiú ar an gclár.

Thug an tOmbudsman [tionscnamh](#) 2 bhliain chun críche a bhí i mbun faireachán a dhéanamh ar chaibidlíocht Brexit tríd an leibhéal ard trédhearcachta a bhí le tabhairt faoi deara go ginearálta a mholadh. Mhol sí don Choimisiún agus don Chomhairle cloí leis na caighdeáin seo in aon chaibidlíocht a bheidh á déanamh amach anseo maidir leis an gcaidreamh idir an AE agus an Ríocht Aontaithe. Áirítear i measc na gcéimeanna dearfacha a rinne Tascfhórsa Brexit an Choimisiúin os cionn 100 doiciméad caibidlíochta a fhoilsiú, féilire an Phríomh-Idirbheartaí a chur ar fáil go poiblí, agus gan bualadh ach le brústocairí cláraithe. Bhí próiseas oibre an Tascfhórsa trédhearcach, rud a chinn an Chomhairle Eorpach.



#### European Commission

Transparency in the [#Brexit](#) negotiations is one of our priorities.

[@EUombudsman](#) has commended our work including the publication of 100+ negotiating documents, making [@MichelBarnier](#)'s calendar publicly available, and meeting only registered lobbyists.

<https://ombudsman.europa.eu/en/press-release/en/109859...>

#### TRANSPARENCY IN THE BREXIT NEGOTIATIONS:

60+ speeches, 100+ negotiation documents published

30 meetings with national Parliaments

650+ stakeholder meetings

visits to all member states during negotiations

written replies to 10,000+ citizen enquiries

150+ events for EU citizens in 50+ locations across the UK

200+ meetings with the Council and the European Parliament



Tá trédhearcacht sa chaibidlíocht faoi Brexit ar cheann de na tosaíochtaí atá againn.

Tá moladh tugtha ag an Ombudsman Eorpach don obair atá déanta againn, lena n-áirítear os cionn 100 doiciméad caibidlíochta a fhoilsiú, féilire Michel Barnier a chur ar fáil go poiblí, agus gan bualadh ach le brústocairí cláraithe.

## 2.2 Trédhearcacht sa bhrústocaireacht

I móranailís ar an gcaoi a gcuireann an Coimisiún Eorpach a rialacha maidir leis doirse imrothlacha i bhfeidhm, mheas an tOmbudsman go raibh sé easnamhach ar roinnt bealaí tábhachtacha. Dá réir sin, rinne sí roinnt **tograí** chun cur chuige níos córasaí agus níos éifeachtaí maidir le déileáil le hiarbhaill foirne a bheith ag bogadh chuig an earnáil phríobháideach nó daoine a bheith ag bogadh ón earnáil phríobháideach chuig an gCoimisiún a chinntiú. Is é an aidhm atá ag an Ombudsman cosc a chur ar chásanna amhail brústocaireacht ar iar-chomhghleacaithe nó rochtain mhíchuí ar fhaisnéis rúnda. Gheall an Coimisiún go gcuirfeadh sé go leor de thograí an Ombudsman i bhfeidhm. Áiríodh ina measc, iarraidh ar an duine a bhogann go dtí an earnáil phríobháideach tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir leis an eagraíocht a mbeidh siad ag obair inti, agus tuilleadh mionsonraí a thabhairt faoi nádúr a bpost nua.



**Aidan O'Sullivan**

In 2015 @EUombudsman urged @JunckerEU for more transparency on assessments of new Commissioner jobs. Today it was implemented for first time...

<https://ombudsman.europa.eu/en/correspondence/en/60612>

In 2015, mhol an tOmbudsman Eorpach d'uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Jean-Claude Juncker, níos mó trédhearcachta a chinntiú sna measúnuithe atá á ndéanamh ar phoist nua Choimisinéara. Cuireadh an moladh seo chun feidhme den chéad uair inniu.

aighneachtaí na rannpháirtithe don ghrúpa a bhí ann roimhe sin, agus gheall sé go gcuirfeadh sé na caighdeáin trédhearcachta céanna i bhfeidhm agus a chuireann sainghrúpaí i bhfeidhm amach anseo.

I ndiaidh **fiosrúchán** bunaithe ar ghearán a fháil, d'iarr an tOmbudsman ar Ardrúnaíocht Chomhairle an AE taifead iomlán a choinneáil maidir le haon chruinnithe a reáchtáladh idir brústocairí agus Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus/nó comhaltaí a chomh-aireachta. Dúirt sí freisin nár cheart do chomhaltaí comh-aireachta an Uachtaráin bualadh ach le hionadaithe leasa atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, nó freastal ar imeachtaí arna n-eagrú ag na hionadaithe leasa sin.



### European Ombudsman

We welcome @eucopresident publication of meetings with lobbyists, however next #EUCO President should also publish their cabinet's meetings with lobbyists <https://europa.eu/Yx74PC>

Fáiltimid roimh chinneadh Uachtarán na Comhairle Eorpaí cruinnithe le brústocairí a fhoilsiú; ach ba cheart, áfach, don chéad Uachtarán eile ar an gComhairle Eorpach cruinnithe a chomh-aireachta le brústocairí a fhoilsiú chomh maith.

Chomh maith leis sin, dhírigh an tOmbudsman a haird ar thrédhearcacht “na gcomhlachtaí comhairleacha” a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt bheartas AE. Bhain an **fiosrúchán** le “Grúpa na bPearsantachtaí” a bhunaigh an Coimisiún chun cabhrú le comhairle a chur ar fáil faoi conas is féidir leis an AE tacú le taighde a bhaineann leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta. Rinne ENR, an Líonra Eorpach i gCoinne Trádála Arm, gearán leis an Ombudsman faoin easpa trédhearcachta a bhaineann leis an nGrúpa Pearsantachtaí. Chinn an tOmbudsman, i bhfianaise chuspóir an ghrúpa, gur cheart dó na caighdeáin trédhearcachta céanna a chur i bhfeidhm agus a chuireann “sainghrúpaí”, a chuireann comhairle ar an gCoimisiún maidir le beartais. Thug an Coimisiún freagra dearfach, agus gheall sé go bhfoilseofaí clár oibre cruinnithe, miontuairiscí cruinnithe agus

## 2.3 Rochtain ar dhoiciméid

Mar a tharla le roinnt blianta anuas, baineann an céatadán is mó d'fhiosrúcháin le trédhearcacht, lena n-áirítear rochtain ar chásanna doiciméad. Tá na gearánaigh seo ag lorg doiciméad éagsúil lena n-áirítear miontuairiscí cruinnithe, tuairimí dlíthiúla agus doiciméid ullmhúcháin. Nuair a bhíonn na fiosrúcháin seo á mbreithniú ag an Ombudsman, cuireann sí na nithe seo a leanas san áireamh - an bhfuil leas poiblí sáraitheach ann i bhfabhar rochtain phoiblí a dheonú nó an bhfuil tosca eile níos tábhachtaí ná sin, amhail nuair a bhaineann na doiciméid le himscrúdú atá ar siúl ag institiúid.

Rinne acadóir [gearán](#) leis an Ombudsman i ndiaidh don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) rochtain ar dhoiciméid áirithe a bhain le cruinnithe a bhí aige le hionadaithe tionscail maidir le saincheist ar leith a choinneáil siar. Scrúdaigh an tOmbudsman an cheist agus chinn sí go raibh nótaí inmheánacha faoi na cruinnithe sin i seilbh ESMA, nótaí ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar iad a nochadadh. Ansin d'eisigh ESMA ocht ndoiciméad, i bpáirt, ina dhiaidh sin. D'iarr an tOmbudsman, amach anseo, go gcuirfeadh ESMA in iúl cibé an bhfuil nó nach bhfuil taifid mhionsonraithe ar a chuid cruinnithe le brústocairí ina leabharlann faisnéise ar líne don phobal.

[Bhain](#) cás eile le doiciméid bainteach le cruinnithe idir an Coimisinéir um Cheartas, Tomhaltóirí agus Comhionannas Inscne agus brústocairí. Tar éis dó fanacht ar fhreagra ón gCoimisiún ar feadh sé mhí, rinne an gearánach teagmháil leis an Ombudsman. Tar éis don Ombudsman fiosrúchán a oscailt, dheonaigh an Coimisiún rochtain i bpáirt ar na doiciméid, rud a chuir ar chumas an Ombudsman an cás a thabhairt chun críche.

I sraith fiosrúchán eile, chinn an tOmbudsman gur cheart rochtain phoiblí a dheonú ar na doiciméid a iarradh. Áirítear ina measc seo [tuairim dlí](#) an Choimisiúin maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh; [tuarascáil](#) ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) – atá i seilbh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) – maidir le conas ar úsáideadh airgead a tugadh ar iasacht don déantóir carranna Gearmánach, Volkswagen, chun gléasanna a dhéanamh a thug torthaí míthreoracha i dtástálacha astaíochtaí; agus [doiciméid](#) de chuid Pharlaimint na hEorpa a bhain leis an athbhreithniú ar liosta na gcostas is féidir a chlúdach le hiocaíochtaí liúntais do FPEnna.

## 2.4 Cearta bunúsacha

Faigheann an tOmbudsman gearáin go rialta maidir le cearta bunúsacha amhail comhionannas, neamh-irdhealú agus an ceart chun éisteacht a fháil.

Dhéileáil an tOmbudsman le [cás](#) a bhain le conas a dhéanann ateangairí agus agallóirí na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO) agallaimh le hiarrthóirí tearmainn. Bhí imní mhór ar an ngearánach, an ENR Advocates Abroad, faoi agallamh sonrathach le hiarrthóirí tearmainn, a díbríodh ina dhiaidh sin. D'admhaigh EASO go raibh ceisteanna míchuí curtha ag an agallóir agus go raibh fadhbanna leis an ateangaire.

Mar fhreagra air sin, dúirt EASO go gcuirfeadh sé sásra gearán ar bun, céim ar chuir an tOmbudsman fáilte roimpi, agus thug an tOmbudsman faoi deara gur cheart an sásra a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir. Chun fadhbanna cosúla a sheachaint amach anseo, áfach, d'iarr an tOmbudsman ar EASO na húdaráis náisiúnta a chur ar an eolas láithreach agus go córasach, má aimsíonn sé eolas go ndearnadh earráidí suntasacha i rith agallamh le hiarrthóirí tearmainn.

Bhain cás eile leis an gcaoi ar láimhseáil an Coimisiúin [gearán](#) maidir leis an bhféidearthacht go raibh an Treoir um Chomhionannas Ciníochas agus coinníollacha tithíochta na Romach á sárú ag an Iodáil. Chuir an gearánach, Amnesty International, an tsaincheist faoi bhráid an Choimisiúin in 2012. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún tús le nós imeachta "EU Pilot" chun an t-ábhar a imscrúdú. Tar éis beagnach sé bliana, ní raibh cinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir le cibé ar cheart nó nár cheart tús a chur le himeachtaí foirmiúla um shárú i gcoinne na hIodáile – moill a spreag an ENR an tsaincheist a chur faoi bhráid an Ombudsman. Chinn an tOmbudsman nach é nach raibh údar leis an moill, ach mhol sé don Choimisiún seasamh a ghlacadh maidir leis an ábhar a luaithe is féidir.

I ndiaidh faisnéis a fháil ó bhaill foirne, [scríobh](#) an tOmbudsman chuig an bParlaimint, Comhairle agus Coimisiún ag iarraidh orthu eolas a chur ar fáil di maidir lena mbeartais inmheánacha i ndáil le cearta saoire ball foirne ar tuismitheoirí iad mar thoradh ar phróiseas máthairionadaíochta. Ba é an aidhm a bhí

**Dan Merly-Sobovitz**

Thank you @EUombudsman for taking a moral stance on equality of #LGBT & #surrogacy children. Unfortunately this Strategic Investigation is too late for my children but I hope it will pave the way for future #RainbowFamilies #LovesLove

Go raibh maith agat, a Ombudsman Eorpaigh, as seasamh morálta a ghlacadh maidir le comhionannas leanaí LADT agus leanaí máthairionadaíochta. Ar an drochuair, níor tharla an timscrúdú Straitéiseach seo in am do mo leanaí féin, ach tá súil agam go réiteoidh sé an bealach don todhchaí.

leis an tionscnamh cabhrú le hinstitiúidí an AE leas na leanaí a chosaint ina mbeartais foirne. Tharraing na baill foirne a rinne teagmháil leis an Ombudsman aird ar neamhréireachtaí idir institiúidí éagsúla AE i réimse na gceart saoire do bhaill foirne ar tuismitheoirí iad mar thoradh ar phróiseas máthairionadaíochta.

D'fhreagair an Coimisiún, gurb é an cleachtas caighdeánach atá aige ó 2012 saoire 20 seachtain a cheadú, ar bhonn *ad hoc*, díreach mar a cheadaítear do bhaill foirne ar tuismitheoirí iad de thoradh próiseas uchtála. Dúirt sé go bhfuil sé ar intinn aige an cleachtas sin a chur ar bhonn foirmiúil. D'fhreagair an Chomhairle go leanfadh sí cleachtas an Choimisiúin, agus dúirt an Pharlaimint go raibh sí sásta dul i mbun idirphlé idirinstitiúideach chun teacht ar chur chuige coiteann i leith na ceiste.

Mar thoradh ar fhiosrúchán eile, d'athraigh an Coimisiún a chleachtas maidir le measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí acadúla. Rinneadh an t-athrú i ndiaidh gearán a rinneadh faoi chinneadh an Choimisiúin diúltú d'iaratas ar chúrsa oiliúna mar go raibh a c(h) éim bhaitsiléara bronnta ar an duine i ndiaidh 2 bhliain seachas 3 bliana. Cé go raibh an fiosrúchán fós ar siúl, cheadaigh an Coimisiún don ghearánach a bheith páirteach sa nós imeachta roghnúcháin agus anois glacann sé le hiarratasóirí a bhfuil céim chaighdeánach bhaitsiléara bainte amach acu laistigh de thréimhse níos lú ná 3 bliana.

**European Ombudsman**

@EU\_Commission changed its practice for assessing academic qualifications of #EUtrainees.

Do you have a three-year degree obtained in less than three years? You are now eligible to apply!

Read more about @EUombudsman's decision here: <https://europa.eu/!gu43Yu>



D'athraigh an Coimisiún Eorpach a chleachtas maidir le measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí acadúla iarratasóirí ar chúrsa oiliúna.

An bhfuil céim 3 bliana faighte agat laistigh de thréimhse níos lú ná 3 bliana? Tá tú incháilithe anois chun iarratas a dhéanamh!

## 2.5 Ceisteanna eiticiúla

Tá a lán rialacha i bhfeidhm ag riarachán poiblí an AE chun coinbhleachtaí leasa nó sárúithe eiticiúla eile a chosc. Is é ról an Ombudsman a chinntiú go gcuirtear na rialacha i bhfeidhm, chomh maith le cabhrú le hinstiúidí gan a bheith den tuairim go bhféadfadh earráidí eiticiúla tarlú.

Rinne an ENR, foodwatch, [gearán](#) leis an Ombudsman faoi urraíocht chorparáideach Uachtaránacht na Rómáine ar an AE. D'iarr an tOmbudsman ar an gComhairle machnamh a dhéanamh ar a treoirlínte a leasú do na Ballstáit a bhfuil uachtaránachtaí AE acu chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na hurraíochta príobháidí.

Mar thoradh ar [fhiosrúchán](#) ar dhiúltú an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) rochtain phoiblí ar dhearbhuíthe maidir le leasanna na foirne meánbhainistíochta a cheadú, ghlac EFSA le beartas trédhearcachta nua. Faoin mbeartas athbhreithnithe, cuirtear dearbhuithe leasa na bainistíochta oibríochtúla iomláine ar fáil go poiblí. Chomh maith leis sin, lean EFSA iarratas an Ombudsman dearbhuithe leasa poiblí a

dhéanamh maidir lena Phríomheolaí, Comhordaitheoir Sinsearach Eolaíochta agus Comhairleoir Sinsearach Beartais. Bhí áthas ar an Ombudsman a thabhairt faoi deara go bhfuil córas cuí i bhfeidhm ag EFSA freisin chun iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid a phróiseáil.

[Dhearbhaigh](#) an tOmbudsman an toradh go raibh an próiseas atá mar bhonn le ceapachán an státseirbhíshigh is airde sa Choimisiún curtha ó mhaith mar gheall ar cheithre theagmhas de dhrochriarachán. D'iarr sí ar an gCoimisiún nós imeachta sonrach a chur i bhfeidhm chun a Ard-Rúnaí a cheapadh ionas nach dtarlódh a leithéid arís. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an fógra folúntais a fhoilsiú agus an ceapachán a chur ar chlár oibre chruinniú seachtainiúil na gCoimisinéirí luath go leor roimh ré ionas gur féidir é a phlé go cuí. Ag druidim le deireadh 2019, rinne an Coimisiún mar a mhol an tOmbudsman dó, trí thús a chur le nós imeachta ceapacháin ar leith do phost an Ard-Rúnaí, lena n-áirítear fógra folúntais agus amlíne dea-shainithe.

## 2.6 Gníomhaireachtaí AE agus comhlachtaí eile

Thar na blianta, rinne an tOmbudsman roinnt fiosrúchán a bhain leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) chun trédhearcacht maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tsláinte phoiblí a fheabhsú. Mar thoradh air sin, tá níos mó trédhearcachta i réimsí amhail trialacha cliniúla. Ag cur leis an dea-chomhar seo le EMA, chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán féintionscnaimh maidir leis an gcineál teagmhála a bhíonn ag EMA le cuideachtaí cógaisíochta sula ndéanann siad iarratas ar údaruithe chun a gcuid cógas a chur ar an margadh. Mar thoradh ar an bhfiosrúchán, a raibh comhairliúchán poiblí san áireamh ann freisin, bhunaigh EMA bearta chun neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an phróisis a fheabhsú. [Chomhaontaigh EMA](#) loga de chomhairle eolaíoch maidir le cógais atá luaite sa phróiseas údaraithe margaidh a thabhairt isteach. Cuirfear an chomhairle sin ar fáil don phobal a luaite a cheadófar an cógas a dhíol san Eoraip. Chomh maith leis sin, dúirt EMA, a mhéid is féidir, nach iad na saineolaithe a bhfuil ról lárnach acu i gcomhairle a chur ar chuideachtaí cógaisíochta i rith na céime iarratais réamh-mhargaidh na saineolaithe a bheidh i mbun tuarascáil mheastóireachta EMA le haghaidh cógas nua a dhréachtú.



### The Consumer Voice

Great that @EMA agrees to make scientific advice on medicines more transparent & independent. To truly boost consumers' trust in medicines, reports about interactions between the EMA and pharma companies must go in to the details, as we've asked before (<http://bit.ly/2KR0Nve>)

Is dea-scéala é go bhfuil an Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach sásta comhairle eolaíoch maidir le cógais a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos neamhspleáiche. Chun muinín tomhaltóirí as cógais a neartú i gceart, ní mór go mbeadh mionsonraí luaite i dtuarascálacha faoi idirghníomhaíochtaí idir an EMA agus cuideachtaí cógaisíochta, mar a d'iarramar roimhe seo.

Rinne cuideachta Spáinneach [gearán](#) leis an Ombudsman i ndiaidh gur theip ar Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Shlándaíl Gréasáin agus Faisnéise (ENISA) na ceisteanna a chuir sí le linn di a tairiscint le

haghaidh conartha chun imeacht a eagrú a fhreagairt, cé go raibh ceisteanna ó thairgeoir eile freagartha ag ENISA. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist agus mhol sí go gcúiteodh ENISA an gearánach as an am agus as na hacmhainní a d'infheistigh sí in ullmhú a tairisceana. Ghlac ENISA le moladh an Ombudsman agus thairg sí íocaíocht *ex-gratia* EUR 2 500 don chuideachta. Bhí an gearánach sásta leis an toradh agus thug an tOmbudsman an cás chun críche.

Bhí an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ina ábhar [gearáin](#) i ndiaidh di diúltú rochtain phoiblí iomlán ar dhoiciméid a bhain leis an bPainéal Teicneolaíochta Domhanda a cheadú, painéal a bhfuil ceannairí ó shaoil na teicneolaíochta, ón tsochaí shibhialta agus ón earnáil taidhleoireachta páirteach ann, painéal a dhéanann iarracht dul i ngleic le dúshláin dhomhanda. D'iarr iriseoir imscrúdaitheach rochtain ar na doiciméid uile a bhaineann leis an bpainéal. Chuaigh sé i muinín an Ombudsman, mar le linn do SEGS rochtain ar cheithre dhoiciméad a cheadú, chlúdaigh sé réimsí suntasacha de na doiciméid. Chomhaontaigh SEGS níos mó d'ábhar na ndoiciméad a chur ar fáil, cinneadh ar fháiltigh an tOmbudsman roimhe.



#### European Ombudsman

We welcome @EU\_EEAS decision to grant an investigative journalist increased access to #GlobalTechPanel documents, as a result of one of our inquiries.

<https://europa.eu/!MB76Rn>



Fáiltímid roimh chinneadh na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí breis rochtana a cheadú d'iriseoir imscrúdaitheach ar dhoiciméid an Phainéil Teicneolaíochta Domhanda, mar thoradh ar cheann dár bhfiosrúcháin féin.

## 2.7 Conarthaí agus deontais AE

Gach bliain déileálann an tOmbudsman le cásanna éagsúla a bhaineann le conas ar bhainistigh an Coimisiún tionscadail a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach, agus bíonn sé bunaithe ar shaincheisteanna a eascraíonn ó iniúchtaí de ghnáth. Má thagann fadhb chun solais mar thoradh ar iniúchadh, tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún na cistí a aisghabháil. Mar sin féin, uaireanta, de dheasca míthuiscintí nó botún san iniúchadh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh bonn cirt le haisghabháil na gcistí. Tá deis mhaith ag an Ombudsman cabhrú le teacht ar réitigh i gcásanna den sórt sin, mar go bhfuil sé de chumhacht aici iniúchadh a dhéanamh ar na doiciméid ghaolmhara go léir.

Chuaigh cuideachta Ghearmánach i muinín an Ombudsman i ndiaidh don Choimisiún thart ar EUR 100 000 a aisghabháil uathí. Idir 2010 agus 2014, ghlac an chuideachta páirt i dtionscadal sa Namaib a fhaigheann maoiniú ón Aontas Eorpach, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis cumas údarais náisiúnta na Namaibe cistí agus cláir an AE a bhainistiú. D'aisghabh an Coimisiún an t-airgead tar éis iniúchta a mheas go raibh costais a bhain le pearsanra neamh-incháilithe,

mar nach raibh na cáilíochtaí cearta ag roinnt fostaithe agus gur oibrigh roinnt fostaithe ar laethanta saoire poiblí, rud a sháraigh dlí na Namaibe. Chuir an tOmbudsman in iúl, cé gur moladh sa chonradh go mbeadh na cáilíochtaí sin ag fostaithe, nár cheanglas é sin. Tar éis idirghabháil an Ombudsman, d'íoc an Coimisiún EUR 97 461 leis an ngearánach.

Bhain [cás](#) eile le conas ar dhéileáil an Coimisiún Eorpach le hiniúchadh ar chaiteachas éilithe i dtrí thionscadal atá á mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. D'iarr an Coimisiún ar an ngearánach níos mó fianaise a sholáthar chun bunús a thabhairt leis na costais a bhain le pearsanra agus le gníomhaíochtaí eile. Chinn sé ansin na costais phearsanra a athéileamh mar gur measadh nach raibh dóthain faisnéise iontaofa le fáil sna doiciméid bhreise a chuir an gearánach ar fáil. Chinn an tOmbudsman go raibh an Coimisiún ag gníomhú go díreireach trí dhiúltú do na costais phearsanra go léir. D'fhothn teagmhas cosúil a sheachaint amach anseo, d'iarr sí ar an gCoimisiún liosta soiléir de dhoiciméid ar féidir iad a úsáid mar fhianaise mhalartach iontaofa a leagan amach, ar fhaitíos go gcinntear mar thoradh ar

iniúchadh ina dhiaidh sin go bhfuil an córas taifeadta ama atá in úsáid ag eagraíocht atá i mbun tionscadail nó conartha neamhiontaofa.

Chomh maith leis sin, is féidir leis an Ombudsman iniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna a bhaineann le nósanna imeachta soláthair. Bhain [cás](#) amháin leis an nós imeachta soláthair a bhain le conradh atá á mhaoiniú ag an AE, atá á bhainistiú ag Toscaireacht de chuid an Aontais sa Bholáiv. Dúirt an toscaireacht leis an ngearánach, gnólacht comhairliúcháin Gearmánach, gur bronnadh an conradh air, ach nach sineofaí é go dtí go mbeadh an tréimhse éigeantach “neamhghníomhaíochta” 7 lá caite. Dúradh leis an ngearánach, más amhlaidh gur éiligh an fhaisnéis a fuarthas i rith na tréimhse neamhghníomhaíochta

scrúdú níos mine ar na tairiscintí, go bhfógrófaí é sin láithreach. Mí ina dhiaidh sin, chuir an toscaireacht in iúl don ghearánach go raibh cuideachta roghnaithe ar diúltaíodh dá tairiscint ar dtús. Chinn an tOmbudsman nach raibh aon mhíriarachán ann maidir leis an gcaoi a ndearna an toscaireacht meastóireacht ar an tairiscint ar diúltaíodh di ar dtús. Chinn sí, áfach, gur cheart go mbeadh sé curtha in iúl ag an toscaireacht don ghearánach go raibh faisnéis faighte ó thairgeoir eile i rith na tréimhse neamhghníomhaíochta a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar bhronnadh an chonartha. Ar iarratas ón Ombudsman, dúirt an toscaireacht go gcúiteodh sí an gearánach as an am agus as na hacmhainní a caitheadh, tar éis na tréimhse neamhghníomhaíochta, ar dhoiciméid tacaíochta a ullmhú don tairiscint.

## 2.8 Rannpháirtíocht saoránach i gceapadh beartas AE

Áitíonn an tOmbudsman ar cheart an tsaoaránaigh páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach AE, amhail trí pháirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin phoiblí, nó trí fhaisnéis a fháil faoi bheartais nó faoi dhlíthe. Ní féidir le daoine é sin a dhéanamh ach amháin má mheasann siad go bhfuil riarachán poiblí an Aontais ag obair dóibh freisin. Tugann sé sin le tuiscint gur cheart go mbeadh an pobal in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le riarachán an AE in 24 theanga oifigiúil an AE.

Chuir sin, chuir an tOmbudsman dréacht-treoirilínte i dtoll a chéile maidir le húsáid teangacha ar shuíomhanna gréasáin institiúidí an AE, bunaithe ar an 286 fhreagra a fuair sí faoin gceist mar thoradh ar an [comhairliúchán poiblí](#). Seoladh na treoirilínte chuig raon comhlachtaí AE chun a dtuairim a thabhairt, agus d’fhreagair formhór acu faoi dheireadh na bliana. Tá sé mar aidhm ag an Ombudsman na treoirilínte a thabhairt chun críche sa chéad chuid de 2020. Ina measc tá tograí go bhfuil beartas teanga ar leith ag institiúidí, gur féidir le baill den phobal freagra a fháil sa teanga oifigiúil chéanna AE inar scríobh siad chuig institiúid, agus go mbreithníonn institiúidí úsáid an mheaisínáistriúcháin nuair is féidir.

Chomh maith leis sin, d’úsáid an tOmbudsman fiosrúcháin bunaithe ar ghearán chun an sprioc go mbeidh teangacha oifigiúla an AE in úsáid an oiread agus is féidir ag na hinstitiúidí a chomhlíonadh. Rinne gnó beag sa Fhrainc [gearán](#) leis an Ombudsman mar nach raibh leathanaigh ghréasáin an Choimisiúin faoi “bhianna núíosacha” – cineálacha bianna a tháirgtear



**European Ombudsman**

Our multilingual staff is ready to help you in any of the EU's 24 languages. Happy European day of languages!

Europejski Rzecznik Praw Obywatelskich    Europäischer Bürgerbeauftragter  
European Ombudsman    Europäische Ombudsmand    tOmbudsman Eorpach  
Evropský veřejný ochránce práv    Ευρωπαϊκός Διαμεσολαβητής  
Európska Ombudsmanka    Europese Ombudsman  
Provedor de Justiça Europeu    Europeiska Ombudsmannen  
Europos Ombudsmenas    Euroopan Oikeusasiamies    Európai Ombudsman  
Ombudsmanul European    Evropski varuh žalovkovih pravic  
Euroopa Ombudsman    Европейский омбудсман    Médiateur Européen  
Ombudsman Ewropew    Eiropas Ombude    Mediatore Europeo  
Defensor del Pueblo Europeo    Európska Ombudsmanica

Tá ár bhfoireann ilteangach réidh chun cabhrú leat in aon cheann de 24 theanga an AE. Lá Eorpach na dteangacha sona!

trí úsáid a bhaint as modhanna nua – ar fáil ach i mBéarla amháin. Le linn fhiosrúchán an Ombudsman, thosaigh an Coimisiún ag aistriú na faisnéise a bhain leis an nós imeachta chun bianna núíosacha a údarú chuig teangacha eile. Athbhreithníodh na leathanaigh ghréasáin freisin, ina measc an fhaisnéis a chuireann in iúl gur féidir iarratais a dhéanamh in aon teanga de chuid an AE.

# Cumarsáide agus comhar

## 3.1 Cumarsáid



Rinne an tOmbudsman Eorpach, Emily O'Reilly, físeán a spreag saoránaigh chun vótáil sna Toghcháin Eorpacha i mBealtaine 2019.

Chuir Oifig an Ombudsman feabhas ar a hacmhainní cumarsáide ar líne in 2019 trí leathanach baile shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh a úsáid chun aird a tharraingt ar fhiosrúcháin ar éirigh go maith leo. Nuashonraítear an príomhscéal ar an suíomh gréasáin go rialta chun nuashonruithe a sholáthar maidir le fiosrúcháin de chuid an Ombudsman. Cuirtear faisnéis shothuigthe ar fáil don phobal faoi ghníomhaíochtaí an Ombudsman. Áirítear i measc na samplaí scéal faoi na bearta atá curtha i gcrích ag an [nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach](#) mar fhreagairt ar fhiosrúcháin an Ombudsman, comhairle eolaíoch faoi chógais a dhéanamh níos trédhearcaí agus níos neamhspleáiche, agus [teachtaireacht](#) chun buíochas a ghabháil leis na céadta daoine a rinne teagmháil leis an Ombudsman chun tacú le agus fiosrúcháin sonracha a spreagadh.

Bhí méadú le tabhairt faoi deara freisin ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman ar Twitter, LinkedIn agus Instagram. Baineann an Oifig úsáid as na cainéil meán sóisialta seo chun faisnéis shoiléir agus tharraingteach a chur ar fáil faoin obair a dhéanann an Oifig, cé leis a gcabhraíonn an Oifig, agus faoin méid atá bainte amach ag an Oifig. Tharraing na cainéil meán sóisialta aird freisin ar ról an Ombudsman i ndáil le

saincheisteanna níos ginearálta, cosúil le faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, agus ghlac siad páirt, i dteannta leis na hinstitiúidí AE eile, i ndátaí suntasacha a cheiliúradh, cosúil le comóradh 10 mbliana Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

In 2019, ba é Instagram an cainéal is mó fás. Tháinig fás 47 % ar an bpobal meáin i rith na bliana. Ar LinkedIn, tháinig méadú 21 % ar líon na leantóirí, agus ar Twitter, áit a bhfuil an pobal meáin is mó ag an oifig, mhéadaigh líon na leantóirí ó 22 600 ag deireadh 2018 go dtí 26 300 i Nollaig 2019, sin méadú 16 %.

Is é an preasagallamh bliantúil ag a gcuireann an tOmbudsman tuarascáil bhliantúil na bliana roimhe sin i láthair agus ag a bhfógraíonn sé fiosrúcháin shuntasacha nua príomhimeacht cumarsáide as líne an Ombudsman. In 2019, dhírigh an preasagallamh ar thrédhearcacht chinnteoireacht na mBallstát sa Bhruiséil, lena n-áirítear an cinneadh Tuarascáil Speisialta maidir le Trédhearcacht na Comhairle a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

## 3.2 Caidreamh le hinstitiúidí an AE

### 3.2.1 Parlaimint na hEorpa

Is comhpháirtí láidir agus riachtanach de chuid an Ombudsman Eorpaigh é Parlaimint na hEorpa. Is í an Pharlaimint a thoghann an tOmbudsman, agus tá an tOmbudsman freagrach don Choiste um Achainíocha. In 2019, thacaigh Parlaimint na hEorpa leis an Ombudsman lena Tuarascáil Speisialta maidir le Trédhearcacht na Comhairle le rún ar thug suí iomlánach na Parlaiminte tacaíocht láidir dó. Chuir Parlaimint nua na hEorpa tús lena téarma oifige nua i ndiaidh an toghcháin i mBealtaine 2019. Ó shin i leith, thionóil an tOmbudsman cruinnithe le hUachtarán na Parlaiminte, David Sassoli, agus le FPEnna nua ó na príomhghrúpaí polaitiúla go léir. I rith 2019, thug an tOmbudsman aitheasc do shuí iomlánach na Parlaiminte agus labhair sí, i ndiaidh cuireadh a fháil, os comhair roinnt coistí i rith cruinnithe rialta agus éisteachtaí speisialaithe. In 2019, d'athogh an Pharlaimint an tOmbudsman atá ann faoi láthair, Emily O'Reilly, chun tabhairt faoin dara sainordú. Tá an tOmbudsman ag tnúth le leanúint leis an gcaidreamh táirgiúil leis an bParlaimint in 2020.



**David Sassoli**

Congratulations to Emily O'Reilly on her reappointment as [@EUombudsman](#). I look forward to working with her to increase transparency in the EU institutions and build citizens' trust.



Comhghairdeas le Emily O'Reilly atá athcheaptha mar an tOmbudsman Eorpach. Táim ag tnúth le bheith ag obair léi chun trédhearcacht in institiúidí an Aontais Eorpaigh a mhéadú agus iontaoibh na saoránach a chothú.

### 3.2.2 An Coiste um Achainíocha

Lean an Coiste um Achainíocha agus an tOmbudsman le dlúthchaidreamh oibre a bheith acu in 2019 lena chinntiú go ndéileáiltear le hábhair atá ag déanamh imní do shaoránaigh ag na leibhéil iomchuí. Cé go ndéileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne institiúidí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí an AE, déileálann an Coiste um Achainíocha le hachainíocha a bhaineann le réimsí gníomhaíochta an AE ar fud na hEorpa. Ba dhíol sásaimh don Ombudsman an dlúthchomhar leis an gCoiste um Achainíocha a bhí ann roimhe seo, agus tá sí ag tnúth le bheith ag obair leis na Feisirí nua sna blianta atá le teacht.



**PETI Committee Press**

[#EPlenary](#) approves joint [@EP\\_Petitions](#) [@EPInstitutional](#) report on the [@EUombudsman](#) strategic inquiry on transparency in the preparatory bodies of the Council – 479/18/81

Date of last update: 17-01-2019 - 1



Formheasann Suí Iomlánach Parlaimint na hEorpa tuarascáil Chomhchoiste PE um Achainíocha agus Choiste PE um Ghnóthaí Bunreachtúla maidir le fiosrúchán an Ombudsman Eorpaigh ar thrédhearcacht i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle – 479/18/81.

### 3.2.3 An Coimisiún Eorpach

Ó tharla gurb é an Coimisiún an institiúid AE is mó, agus go bhfuil tionchar suntasach aige ar shaol na milliún daoine, ní haon chúis ionaidh é go mbaineann céatadán mór de na gearáin a chuirtear faoi bhráid an Ombudsman le hobair an Choimisiúin. Is é an Coimisiún an ghné fheidhmeach d'obair riaracháin an AE agus, dá bhrí sin, díreann ar an obair sin. Chuaigh an caidreamh oibre leis an gCoimisiún chun tairbhe roinnt mórfhiosrúchán agus táthar ag leanúint leis an idirphlé ag gach leibhéal. In 2019, fuair Coláiste nua an Choimisiúin, faoi cheannaireacht an Uachtaráin, Ursula von der Leyen, a shainordú ó Pharlaimint na hEorpa. Cúis áthais don Ombudsman go bhfuil trédhearcacht agus eitic, forbairt nua, luaite go sainráite i bpunann an Leas-Uachtaráin, Věra Jourová.



Chas Emily O'Reilly le Michel Barnier, Príomh-Idirbheartaí an Aontais ar an Tascfhórsa um Brexit, i Strasbourg.

### 3.2.4 Institiúidí, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile

Chomh maith leis sin, tá caidreamh bunaithe ag an Ombudsman le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE eile d'fhonn súil a choinneáil ar agus tacú leis an gcultúr riaracháin agus leis an gcomhar idirinstiúideach. In 2019, bhí an tOmbudsman i ndlúth-theagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), an Banc Ceannais Eorpach (BCE), an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, agus roinnt gníomhaireachtaí.



#### European Central Bank

As part of [#GlobalEthicsDay](#), we heard from Mihails Kozlovs from [@EUAuditors](#) about their special report on the ethical frameworks of EU institutions, and Rosita Hickey from the [@EUombudsman](#), who shared the Ombudsman's views on integrity and good governance for public institutions.



Mar chuid den Lá Domhanda Eitice, chualamar ó Mihails Kozlovs ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir lena dtuarascáil speisialta ar chreataí eiticiúla institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus ó Rosita Hickey ó Oifig an Ombudsman Eorpaigh, a roinn tuairimí an Ombudsman maidir le sláine agus dea-rialachas d'institiúidí poiblí.

### 3.2.5 Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

Mar bhall den [Chreat AE](#), déanann an tOmbudsman cur chun feidhme [Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas](#) (UNCPRD) a chosaint, a chur chun cinn, agus a mhonatóiriú. Bhí an tOmbudsman ina cathaoirleach ar Chreat an Aontais Eorpaigh in 2019.

In éineacht leis an bhFóram Eorpach maidir leis an Míchumas, le Parlaimint na hEorpa agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, d'oibrigh an tOmbudsman ar smaointe a d'fhéadfaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh



**EESC President**

Very happy to exchange views with [@EUombudsman](#) Emily O'Reilly about our [@EU\\_EESC](#) rules of procedure and code of conduct and new [@EESC\\_SOC](#) report on the real right of persons with disabilities to vote in [#EUElections2019](#) [#thistimeimvoting](#)



Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa Luca Jahier: Tá an-áthas orm tuairimí a mhalartú leis an Ombudsman Eorpach, Emily O'Reilly, faoi rialacha nós imeachta CESE, faoin gcód iompair agus faoin tuarascáil nua ón Rannóg um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht (SOC) CESE maidir leis an gceart atá ag daoine faoi mhíchumas vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha i mí Bealtaine 2019.

chun cabhrú le glacadh le Straitéis Eorpach um Míchumas níos uailmhianáí agus níos cuimsithí i ndiaidh 2020. Chuige sin, ghlac Oifig an Ombudsman páirt in éisteacht faoi choimirce Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus i gcomhdháil ar lá Eorpach na ndaoine faoi mhíchumas ag lorg feabhsuithe laistigh de riarachán an AE.

D'fhorbair an tOmbudsman na moltaí a rinne sí chun feabhais i gcomhthéacs a fiosrúcháin straitéisigh ar [inrochtaineacht shuíomh gréasáin an Choimisiúin](#) agus uirlisí ar líne do dhaoine faoi mhíchumas. Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar iarrachtaí an Choimisiúin cloí lena moltaí, d'fháiltigh an tOmbudsman roimh a thionscnamh níos mó faisnéise a chur ar fáil i bhformáid "soléite". Sholáthair an Coimisiún leagan soléite de [shuíomh gréasáin oifigiúil an Aontais Eorpaigh](#), arb ionann é agus geata chuig an AE agus foinse luachmhar faisnéise. Lena chois sin, d'fháiltigh sí roimh ghealltanais bhreise an Choimisiúin caighdeán idirnáisiúnta níos airde a chomhlíonadh, an rún atá aige plean gníomhaíochta maidir le hinrochtaineacht gréasáin a ghlacadh agus deiseanna oiliúna feabhsaithe a chur ar fáil don fhoireann.

I réimse an riaracháin dhigitigh, rinne an tOmbudsman [fiosrúchán](#) maidir le hinrochtaineacht uirlisí ar líne atá in úsáid ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Tar éis gearán a fháil ó dhuine le lagú amhairc, nach raibh in ann cás calaoise a thuairisciú do OLAF, toisc go raibh



**European Ombudsman**

[#WebAccessibility](#): [@Euombudsman](#) is satisfied the [@EU\\_Commission](#) is taking steps to improve and makes six suggestions: <https://europa.eu/!rg33uW>



Inrochtaineacht gréasáin: tá an tOmbudsman Eorpach sásta go bhfuil obair á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun feabhsú agus tá sé mholadh déanta aici.

modh fíoraithe ina úsáid ar a shuíomh gréasáin nach raibh comhoiriúnach leis an léitheoir scáileáin, d'iarr an tOmbudsman ar OLAF a uirlisí ar líne a dhéanamh níos inrochtana. Tar éis dó roinnt uirlisí a fheabhsú láithreach, gheall OLAF athchóiriú a dhéanamh ar na huirlisí eile ar a shuíomh gréasáin sna míonna ina dhiaidh sin. Léiríonn sé sin conas is féidir le gearán amháin impleachtaí níos leithne a bheith aige agus a bheith mar bhonn le beartas iomlán institiúide a fheabhsú.

Dhéileáil an tOmbudsman le **gearán** a bhain le freagra an Choimisiúin ar shárúithe líomhnaithe ar chearta an duine in áit chónaithe do dhaoine faoi mhíchumas san Ungáir, a bhí cómhaoinithe ag an AE. Chuir sí in iúl go raibh imní uirthi go raibh léirmhíniú an Choimisiúin ar phríomhfhóráil UNCRPD maidir le maireachtáil neamhspleách ag teacht salach ar léirmhíniú Choiste na Náisiún Aontaithe a bhí freagrach as. Cé go nglacann sí leis nach raibh an bunús dlí ag an gCoimisiún cistí AE a

tugadh don institiúid sa chás áirithe sin a aisghabháil, mhol an tOmbudsman go dtabharfadh an Coimisiún aghaidh ar cheist an bhunús dlí lena chinntiú go gcaithfeadh cistí AE i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún amach anseo. I ndiaidh roinnt moltaí maidir le feabhas a dhéanamh, tá an tOmbudsman ag déileáil leis an gceist seo i **ngearán** maidir leis an gcaoi a bhfuil cistí AE á gcaitheamh ag Ballstáit.

**Roinn** an Coimisiúin eolas leis an Ombudsman faoin obair atá déanta aige lena chinntiú nach gá do thuismitheoirí leanaí le riachtanais speisialta oideachais, nach féidir freastal orthu i Scoileanna Eorpacha, ioc as costais oideachais a leanaí. Dúirt an Coimisiún go gclúdódh sé na táillí sin go hiomlán agus go mbeadh ról ceannaireachta aige sna treoirlínte ábhartha maidir leis an gcaoi a ndéileálann institiúidí eile de chuid an Aontais leis an tsaincheist sin.

### 3.3 Líonra Eorpach na nOmbudsman

Ba é pointe fócais na bliana do Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO) – ina bhfuil 96 oifig in 36 tír Eorpacha agus Coiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa – an chomhdháil bhliantúil i mí Aibreáin. Tionóladh an chomhdháil i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, agus tugadh le chéile i rith na comhdhála comhaltaí an líonra le hionadaithe ó institiúidí an Aontais Eorpaigh agus ó eagraíochtaí atá lonnaithe sa Bhruiséil.

I rith sheisiúin poiblí na comhdhála díriodh ar an mbealach a bhféadfaí rannpháirtíocht na saoránach sa phróiseas daonlathach a neartú. Díreach roimh na toghcháin Eorpacha, i rith an tseisiúin scrúdaíodh tionscnaimh nua maidir le slógadh poiblí agus rannpháirtíocht sa saol sibhialta, agus conas is gá na struchtúir agus na hinstiúidí atá ann cheana a chur in oiriúint dóibh seo, lena n-áirítear ról na n-ombudsman. Chomh maith leis sin, dhírigh an chomhdháil ar shaincheistean tráthúla a bhaineann le hobair na n-ombudsman, amhail déimeagrafaic athraitheach nó rialacha nua an Aontais maidir le cosaint sonraí, agus na “cumhachtaí boga” atá ar fáil d’institiúidí ombudsman.

Is cuid den spreagadh chun comhdhálacha ENO a eagrú sa Bhruiséil é tairbhe a bhaint as saineolas na n-institiúidí AE atá lonnaithe ansin. Chuige sin, áiríodh i gcomhdháil 2019 sraith seisiúin comhpháirteach le SOLVIT, an gréasán arna chomhordú ag an gCoimisiún



An tOmbudsman Eorpach le linn Chomhdháil Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO), a tionóladh i bParlaimint na hEorpa sa Bhruiséil.

Eorpach a thugann tacaíocht do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a bhfuil fadhbanna trasteorann acu san AE.

Lean ENO ag díriú ar fhiosrúcháin agus ar thionscnaimh chomhthreomhara in oifigí ombudsman a léirigh spéis ina leithéid. I mí Iúil 2019, thug an tOmbudsman tionscnamh straitéiseach inar breathnaíodh ar shásraí gearáin i mBallstáit AE maidir le hábhair a bhaineann le cistí struchtúracha agus infheistíochta AE chun críche. D'oibrigh seacht n-oifig ombudsman náisiúnta i gcomhar leis an Ombudsman Eorpach ar an tionscnamh. Ina litir dheiridh, mhol an tUasal O'Reilly don Choimisiún dlús a chur lena fhaireachán ar shásraí gearáin agus aird a thabhairt ar an gcaoi a láimhseálann sé gearáin go díreach, chomh maith le leas iomlán a bhaint as a chumhachtaí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le sásraí gearáin sna Ballstáit.

Is acmhainn luachmhar i gcónaí é an nós imeachta fiosrúcháin, ina dtugann an tOmbudsman Eorpach cúnamh do chomhaltáí ENO trí idirchaidreamh a dhéanamh le hinstitiúidí eile AE chun freagraí spriocdhírthe a fháil ar ábhair a bhaineann le dlí AE. Tháinig fiosrúcháin amháin den sórt sin ó Ombudsman Parlaiminteach na Danmhairge, fiosrúcháin a bhain leis an gcaoi ar cheart rialacha AE maidir le rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a chur i bhfeidhm i mBallstáit AE. Bhain fiosrúcháin eile ó Ombudsman Chónaidhm na Beilge le víosaí iontrála do bhaill teaghlai neamh-AE de chuid shaoránach den AE, agus leis an gcaoi a gcuirtear an Treoir um Chearta na Saoránach i bhfeidhm sna cásanna sin.



**European Ombudsman**

'What happens in Brussels, should not stay in Brussels. We need to use as many channels as possible to reach and communicate with citizens' says @maitepagaza #ENO2019




"Níor cheart go bhfanadh an méid a tharlaíonn sa Bhruiséil, sa Bhruiséil. Ní mór dúinn an oiread cainéal agus is féidir a úsáid chun teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh", a deir an FPE, Maite Pagazaurtundúa, i rith Chomhdháil ENO 2019.




Plé le linn na meithle comhpháirtí ENO-SOLVIT.

Gearánaigh ar mhol an tOmbudsman dóibh dul i dteagmháil le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile in 2019 agus gearáin a aistríodh



Tionóladh cruinniú réigiúnach de líonra ENO i Liospóin na Portaingéile i mí na Nollag. Ag an gcruinniú, bhailigh ionadaithe ó oifigí ombudsman na Bulgáire, na Cipire, Mhálta, na Portaingéile agus na Spáinne le chéile, chomh maith le hOifig an Ombudsman Eorpaigh. Ag an gcruinniú, díriodh ar an bhfiosrúchán ar chistí struchtúracha, agus rinneadh iniúchadh ar ábhair a bhféadfaí fiosrúcháin chomhuaineacha a dhéanamh orthu amach anseo.

Agus í ag leanúint lena cuairteanna rialta ar oifigí a comhghleacaithe náisiúnta, thaistil an tUasal O'Reilly go Heilsincí, áit ar bhuail sí le Ombudsman Parlaiminteach na Fionlainne agus leis an Seansailéir Dlí agus Cirt. I rith a cuairte, i mí Meithimh, dhírigh sí go sonrach ar thrédhearcacht, lena gcumhdaítear reachtóireacht i gComhairle an Aontais Eorpaigh agus brústocaireacht a dhéanamh ar thrédhearcacht.



Cuimsítear san fhoilseachán *Network in Focus 2019* buaicphointí chomhdháil 2019 ENO.



#### EP Suomessa

Vielä ehdit mukaan! Onko avoimuudella rajat? Aiheesta @Eurooppasalissa 6.6. klo 10-11.30 Mukana @EUombudsman Emily O'Reilly, @oikeuskansleri, @oikeusasiamies, @HeidiHautala & Transparency Intl Suomen pj. Korhonen. Juonto @ooseuri. Infoa ja ilmoittaudu: <http://eptwitter.eu/qhGb>



D'eagraigh Oifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa san Fhionlainn plé faoi theorainneacha na trédhearcachta in Áras na hEorpa ar an 6 Meitheamh ó 10 am go dtí 11:30 am i gcomhar leis an Ombudsman Eorpach, Emily O'Reilly, Seansailéir Dlí agus Cirt na Fionlainne, an FPE & cathaoirleach Transparency International Jaakko Korhonen, Heidi Hautala. Ba é an t-iriseoir Olli Seuri a bhí i mbun cathaoirleachta.

## 3.4 Gradam don Dea-Riarachán

I mí Mheithimh, réachtáil an tOmbudsman searmanas bronnta don dara heagrán den Ghradam don Dea-Riarachán. Ainmníodh 54 thionscadal don Ghradam ó na príomhinstitiúidí AE, mar aon le go leor gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile. Bronnadh an Príomhghradam don Dea-Riarachán ar fhoirne ón gCoimisiún Eorpach a d'oibrigh ar thionscnamh AE a raibh sé mar aidhm leis truailliú plaistigh a laghdú agus aird a tharraingt ar an bhfadhb.

Ag an searmanas, a réachtáladh sa Bhruiséil, bhronn an tOmbudsman duaiseanna ar thionscadail i sé chatagóir théamacha freisin, cumarsáid agus riarachán oscailte ina measc. I measc na mbuaiteoirí catagóire bhí tionscadal nuálach ó Europol, a d'úsáid slua-fhaisnéis chun cabhrú le leanaí a ndearnadh teacht i dtír gnéasach orthu a aimsiú, agus tionscadal ón Údarás Eorpach



Tionóladh searmanas an Ghradaim don Dea-Riarachán i Leabharlann Solvay sa Bhruiséil.



Emily O'Reilly le linn an tsearmanais.

um Shábháilteacht Bia chun feasacht a mhúscailt faoi bhagairtí do bheacha. Bhuaigh foireann ó Pharlaimint na hEorpa gradam speisialta as a bhfeachtas, tar éis na gluaiseachta #MeToo, ar neamhfhulaingt ar ghnéaschiapadh san ionad oibre.

Bhunaigh an tOmbudsman an Gradam don Dea-Riarachán in 2017 chun aitheantas a thabhairt do bharr feabhais i seirbhís phoiblí an AE agus chun comhroinnt smaointe agus dea-chleachtais a spreagadh. Chomh maith leis na buaiteoirí a liostaítear thuas, áiríodh i measc an 54 ainmniúchán freisin tionscadail maidir le hiarratais ar mhaoiniú AE a dhéanamh níos éasca, coincheapa réasúnta nua a chur i láthair – amhail an eitic dhigiteach – ar bhealaí nuálacha, beartais ghlasa a thabhairt isteach go himheánach, agus daoine a chur ar an eolas go réamhghníomhach maidir lena gcearta AE.

Rinne bord comhairleach neamhspleách measúnú ar na hainmniúcháin, agus roghnaigh an tOmbudsman, Emily O'Reilly, na buaiteoirí ó ghearrliostaí.



### European Ombudsman

And we have the overall WINNERS @EU\_ENV & @EU\_Growth for their comprehensive strategy for reducing plastics pollution and the awareness-raising campaign for the use of single-use plastics #EOaward



Gradam don Dea-Riarachán: Agus seo a leanas na príomhbhuaiteoirí: Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (ENV) sa Choimisiún Eorpach agus an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmheáide (GROW) as an straitéis chuimsitheach a d'fhorbair siad chun truailliú plaistigh a laghdú agus feachtas múscaillte feasachta a bhí dírithe ar úsáid plaisteach aon úsáide a laghdú.



### Vytenis Andriukaitis

So proud of my colleagues in @Food\_EU @EU\_Health @ECDC\_EU @EFSA\_EU and in all the other services of the @EU\_Commission nominated for #EOaward ! So happy to share this moment with you.

Kudos to all

My speech <https://europa.eu/!hc69uh>



Tá mé fíorbhródúil as mo chomhghleacaithe in Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (SANTE) an Choimisiúin Eorpaigh, sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, san Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus sna seirbhísí eile go léir a ainmníodh don Ghradam don Dea-Riarachán! Tá áthas orm an gradam seo a roinnt libh ar fad.

Tá buíochas tuillte ag gach duine.

# 4

---

Cásanna agus  
gearáin: conas a  
fhreastalaímid ar  
an bpobal

Is é misean an Ombudsman Eorpaigh a chinntiú go bhfreastalaíonn riarachán an AE ar leas an phobail, agus go gcabhraítear leo siúd ar fad a bhfuil fadhbanna acu le hinstiúidí an AE.

Tá formhór mór obair Oifig an Ombudsman bunaithe ar na gearáin a fhaigheann sí. Fiú nuair nach gcuireann an tOmbudsman tús le fiosrúcháin, déanann an Oifig iarracht cabhrú leo siúd go léir a bhfuil cúnamh á lorg acu.

Ina theannta sin, tionscnaíonn an tOmbudsman fiosrúcháin agus tionscnaimh straitéiseacha sa chás gur dóigh léi go bhfuil forais ann chun é sin a dhéanamh. Is í an tOmbudsman féin a thionscnaíonn na cásanna seo, áit a bhfuil saincheist shistéamach aitheanta aici gur cheart í a scrúdú ar mhaithe le leas an phobail, nó sa chás go bhfuil gearán amháin nó níos mó faighte aici maidir le saincheist a bhaineann le hábharthacht shistéamach.

Tá comhéadan shuíomh gréasáin an Ombudsman, a seoladh in 2018, éasca le húsáid, ach is féidir le daoine teagmháil a dhéanamh leis an Oifig trí chainéil

chumarsáide as líne a úsáid, rud atá fós ag tarlú. Tá tuilleadh feabhsuithe beartaithe don bhliain atá le teacht, lena n-áirítear an córas gearán ar líne.

Is fianaise é foireann éagsúil láimhseálaithe cáis na hoifige, agus an suíomh gréasáin, ar an ngealltanas atá tugtha ag an Ombudsman cumarsáid a dhéanamh leo siúd a bhfuil cúnamh á lorg acu in 24 theanga oifigiúil an Aontais. Dearadh an suíomh gréasáin freisin chun ardchaighdeán inrochtaineachta a chinntiú do dhaoine faoi mhíchumas.

Rinne an tOmbudsman tuilleadh feabhais fós ar an nós imeachta “Mear” chun déileáil le gearáin faoin rochtain atá ag an bpobal ar dhoiciméid atá i seilbh instiúidí an AE. A bhuí leis an nós imeachta “Mear”, táthar ag déileáil leis na gearáin sin trí huair níos tapúla anois, rud atá tábhachtach de bhrí go mbíonn siad thar a bheith íogair ó thaobh ama de go minic.

## 4.1 Cineál agus foinse na ngearán

### 4.1.1 Forbhreathnú ar ghearáin agus ar fhiosrúcháin straitéiseacha


Ní fhéadfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin a thosú ach amháin maidir le gearáin a thagann faoina sainordú agus a bhfuil na “critéir inghlacthachta” is gá comhlíonta acu, cosúil le hiarracht a bheith déanta roimhe sin an t-ábhar a réiteach go díreach leis an instiúid lena mbaineann. Mar sin féin, déanann Oifig an Ombudsman iarracht cabhrú leo siúd ar fad a dhéanann gearáin. Chomh maith leis an gcur chuige solúbtha seo chun déileáil le gearáin, tá laghdú leanúnach tagtha ar an méid ama a thógtar chun fiosrúcháin a chur i gcrích.

Eascaíonn téamaí obair na hOifige ó shainordú an Ombudsman agus ó na gearáin a fuarthas, i bhfianaise gurb ionann iad seo agus formhór na gcásanna. Mar a tharla le blianta beaga anuas, is í an trédhearcacht príomhábhar na ngearán fós, agus léirítear é seo in obair straitéiseach na hOifige freisin.

## Comhairle, gearáin agus fiosrúcháin in 2019

**19 619**

Daoine ar tugadh cabhair dóibh



**16 045**

Comhairle tugtha tríd an Treoirleabhar Idirghníomhach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman

**2 201**

Gearáin nua a láimhseáladh

**1 373**

Iarrataí ar fhaisnéis ar fhreagair seirbhísí an Ombudsman iad

**458**

Fiosrúcháin tosaíthe



**456**


Fiosrúcháin tosaíthe ar bhonn gearán

**2**

Fiosrúcháin féintionscnaimh tosaíthe

**560**

Fiosrúcháin tugtha chun críche



**552**

Fiosrúcháin bunaithe ar ghearáin tugtha chun críche

**8**

Fiosrúcháin féintionscnaimh tugtha chun críche

Cé go bhfuil formhór d'obair na hOifige dírithe ar chásanna a bhaineann le gearáin, chomh maith leis sin tugann an tOmbudsman faoi fhiosrúcháin agus tionscnaimh straitéiseacha níos ginearálta má mheasann sí go bhfuil forais ann é sin a dhéanamh. Is í an


tOmbudsman féin a thionscnaíonn na cásanna seo, áit a bhfuil saincheist shistéamach aitheanta aici gur cheart í a scrúdú ar mhaithe le leas an phobail, nó sa chás go bhfuil gearán amháin nó níos mó faighte maidir le saincheist a bhaineann le hábharthacht shistéamach.

## Topaicí na hoibre straitéisí in 2019


### Fiosrúcháin straitéiseacha



### Tionscnaimh straitéiseacha (iarrataí ar shoiléiriú, ní fiosrúcháin fhoirmiúla)



## Tionscnamh náisiúnta na ngearán cláraithe agus na bhfiosrúcháin arna n-oscailt ag an Ombudsman Eorpach in 2019



### 4.1.2 Gearáin nach dtagann faoi shainordú an Ombudsman

In 2019, phróiseáil an tOmbudsman Eorpach breis is 1 300 gearán nár bhain lena sainordú sa mhéid is nár bhain siad le hobair institiúid nó comhlacht AE. Is ón Spáinn, ón bPolainn agus ón nGearmáin a tháinig an líon is mó de na gearáin sin.

Bhain na gearáin sin go príomha le fadhbanna a bhí ag gearánaigh le comhlachtaí poiblí náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, le cúirteanna náisiúnta nó idirnáisiúnta (amhail an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine) agus le heintitis phríobháideacha (lena n-áirítear cuideachtaí aerlíne, bainc nó gnólachtaí agus ardáin ar líne). Uaireanta, rinne saoránaigh teagmháil leis an Ombudsman bunaithe ar an míthuiscint gur comhlacht achomhairc é an tOmbudsman ag a bhfuil dlínse maidir le hobair na n-institiúidí náisiúnta nó réigiúnacha ombudsman.



Bhain gearáin den sórt sin go príomha le saincheisteanna a bhaineann le slándáil shóisialta, cúram sláinte, cánachas agus cosaint tomhaltóirí. In 2019, fuair an tOmbudsman líon mór gearán ó shaoránaigh AE freisin a bhfuil cónaí orthu i mBallstát AE nach é a mBallstát féin é. Rinne na daoine sin gearán faoi na deacrachtaí a bhí acu nuair a rinne siad iarracht clárú do agus/nó vótáil i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2019.

Fuair an tOmbudsman gearáin freisin a bhí lasmuigh dá sainordú, cé go raibh siad á ndíriú i gcoinne institiúid nó comhlacht de chuid an AE. Bhain an chatagóir gearán seo le hobair pholaitiúil nó reachtach na n-institiúidí sin nó le gníomhaíochtaí breithiúnacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

D'fhreagair an tOmbudsman gach duine a lorg cabhair sa teanga ina ndearna sé/sí an gearán. Mhínigh sí a sainordú agus thug sí comhairle, a mhéid is féidir, faoi chomhlachtaí eile a d'fhéadfadh cabhrú leo. Le comhaontú ón ngearánach, d'aistrigh an tOmbudsman gearáin chuig baill de Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO) chomh maith.


Go hiondúil, moladh do ghearánaigh a bhí míshásta le reachtaíocht AE ar leith teagmháil a dhéanamh le Coiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Moladh do dhaoine a tharraing aird ar shaincheisteanna a bhain le cur chun feidhme dhlí an AE teagmháil a dhéanamh le ombudsman náisiúnta nó réigiúnach nó le líonraí AE ar nós SOLVIT agus An Eoraip Agatsa – Comhairle. Mar mhalairt air sin, tarraingíodh aird gearánach ar an bhféidearthacht a bhain le gearán maidir le sárú a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

## Líon na ngearán, 2015-2019




## 4.2 I gcoinne cé?

Bhain na fiosrúcháin a rinne an tOmbudsman Eorpach in 2019 leis na hinstitiúidí seo a leanas



## 4.3 Ábhar na bhfiosrúchán


### Ábhar na bhfiosrúchán tugtha chun críche ag an Ombudsman Eorpach in 2019




Tabhair do d'aire: I gcásanna áirithe, thug an tOmbudsman fiosrúcháin lenar bhain dhá ábhar nó níos mó chun críche. Mar sin, is os cionn 100 % atá iomlán na gcéatadán thuasluaite.

## 4.4 Torthaí a baineadh amach


Gníomhaíocht déanta ag an Ombudsman Eorpach maidir le gearáin nua ar déileáladh leo in 2019



An t-athrú ar líon na bhfiosrúcháin arna ndéanamh ag an Ombudsman Eorpach



## Torthaí na bhfiosrúcháin tugtha chun críche ag an Ombudsman Eorpach in 2019



**316** Níor aimsíodh aon drochriarachán

**187** Shocraigh an institiúid lena mbaineann an gearán, thángthas ar réitigh, nó thángthas ar réiteach i bpáirt


**30** Ní raibh bonn cirt le haon fhiosrúcháin eile

**29** Drochriarachán aimsithe, moladh comhaontaithe nó comhaontaithe i bpáirt

**5** Eile

Tabhair do d'aire: I gcásanna áirithe, thug an tOmbudsman fiosrúcháin ar dhá fhoras nó níos mó chun críche. Mar sin, is os cionn 100% atá iomlán na gcéatadán thuasluaite.

## Fad fhiosrúchán na gcásanna tugtha chun críche ag an Ombudsman Eorpach in 2019 (níos lú ná 7 mí, ar an meán)



1. I gcásanna casta áirithe, tá babhtáí éagsúla comhairliúcháin ag teastáil leis an ngearánaí agus leis an institiúid lena mbaineann.

## 4.5 Comhlíonadh le tograí an Ombudsman

I gcomhthéacs na bhfiosrúcháin, is féidir leis an Ombudsman tograí a chur faoi bhráid institiúidí agus comhlachtaí an AE maidir le conas dul i ngleic le fadhb nó a gcleachtais riaracháin a fheabhsú. Is i bhfoirm réiteach agus moltaí a bhíonn na tograí sin.

Gach bliain, déanann an tOmbudsman anailís chuimsitheach ar an gcaoi a bhfreagraíonn na hinstitiúidí dá dtograí féin i bhfiosrúcháin a tugadh chun críche an bhliain roimh ré. Foilsítear an anailís seo, lena n-áirítear rátaí comhlíontachta agus samplaí nithiúla eile chun tionchar agus ábharthacht obair an Ombudsman a léiriú, sa [tuarascáil](#) bhliantúil *Cúrsaí a chur ina gceart?*

In 2018, chomhlíon institiúidí an Aontais Eorpaigh tograí an Ombudsman in 77 % de chásanna, laghdú beag ar an 81 % in 2017. Thug na hinstitiúidí freagra dearfach ar 90 as 117 dtogra chun feabhais déanta ag an Ombudsman. Rinneadh na tograí in 69 gcás, agus bhí 52 de na chásanna sin mar bhonn le bearta a bheith á ndéanamh ag na hinstitiúidí chun feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn siad. Bhí ráta comhlíontachta 100 % ag 11 institiúid, agus bhí ráta comhlíontachta 70.9 % ag an gCoimisiún Eorpach – a mbaineann formhór na gcásanna leis.

Beidh an tuarascáil do 2019 ar fáil ag deireadh 2020.

# Toghadh an Ombudsman Eorpaigh

I mí na Nollag 2019, d'athogh Parlaimint na hEorpa Emily O'Reilly chun téarma eile a chur isteach.

Is í Parlaimint na hEorpa a thoghann an tOmbudsman Eorpach go díreach ag tús gach téarma parlaimintigh. Fearacht na bhFeisirí de Pharlaimint na hEorpa, bíonn an tOmbudsman i seilbh oifige ar feadh 5 bliana.

Cuireadh tús leis an [bpróiseas chun an Ombudsman](#) a thoghadh don téarma amach romhainn ar an 30 Lúnasa go hoifigiúil, nuair a foilsíodh [an glao ar ainmniúcháin](#) in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. D'éirigh le cúigear iarrthóirí an 40 síniú riachtanach tacaíochta a fháil ó FPEanna faoin spriocdháta an 30 Meán Fómhair. Bhí Giuseppe Fortunato (an Iodáil), Julia Laffranque (an Eastóin), Nils Muižnieks (an Laitvia) agus Cecilia Wikström (an tSualainn), in iomaíocht leis an Ombudsman atá ann faoi láthair, Emily O'Reilly, a bhí ag iarraidh go ndéanfaí í a atoghadh.

Mar chuid den phróiseas chun dintiúir na n-iarrthóirí a fhíorú, d'eagraigh Coiste um Achainíocha na Parlaiminte éisteacht ar an 3 Nollaig leis na hiarrthóirí ar fad. Ag na héisteachtaí, bhí deis ag na hiarrthóirí na tosaíochtaí a chur i láthair ar a ndíreoidís orthu dá dtoghfaí iad, agus bhí orthu ceisteanna ó na FPEanna a fhreagairt.

Reáchtáladh an toghchán féin ar an 17-18 Nollaig, agus vótáil i suí iomlánach na Parlaiminte ar an gcúigear iarrthóirí. Ós rud é nach bhfuair aon iarrthóir tromlach riachtanach na vótaí sa chéad dá bhabhta, chuaigh an bheirt iarrthóirí a raibh an líon is airde vótaí acu ar aghaidh go dtí an tríú babhta agus go dtí an babhta deiridh. Fuair Emily O'Reilly 320 as an 600 vóta a caitheadh, agus [atoghadh í mar Ombudsman](#).

I [ráiteas](#) a d'eisigh sí i ndiaidh a atoghcháin, ghabh Emily O'Reilly buíochas le FPEanna as a dtacaíocht thraspholaitiúil agus gheall sí go leanfadh sí "lena chinntiú go gcothaíonn an AE na caighdeáin is airde riaracháin, trédhearcachta agus eitice".



### European Ombudsman

Emily O'Reilly has been re-elected by [@Europarl\\_EN](#) with 320 votes in favour out of 600 votes cast. Her second mandate will last for five years.

Press release <https://europa.eu/!jV79KM>



“For the next five years, I will help ensure the EU maintains the highest standards in administration, transparency and ethics. Europeans expect and deserve nothing less.”

Emily O'Reilly



D'athogh Parlaimint na hEorpa Emily O'Reilly, a fuair 320 vóta as 600 vóta a caitheadh. Mairfidh a dara sainordú go ceann 5 bliana.

Emily O'Reilly: “Sna 5 bliana atá amach romhainn, cabhróidh mé lena chinntiú go mbeidh na caighdeáin is airde riaracháin, trédhearcachta agus eitice á gcothú san AE. Tá an méid sin, ar a laghad, tuillte ag muintir na hEorpa.”

# Acmhainní

## 6.1 An Buiséad

Cuid neamhspleách de bhuiséad an Aontais Eorpaigh is ea buiséad an Ombudsman. Tá sé roinnte bunaithe ar thrí theideal. Cumhdaíonn Teideal 1 tuarastail, liúntais, agus caiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann. Cumhdaíonn Teideal 2 foirgnimh, troscán, trealamh, agus caiteachas oibriúcháin ilghnéitheach. Cumhdaíonn Teideal 3 an caiteachas a eascraíonn as feidhmeanna ginearálta a chuireann an institiúid i gcrích. In 2019, bhí leithreasuithe buiséid cothrom le EUR 11 496 261.

D'fhonn bainistíocht éifeachtach acmhainní a chinntiú, seiceálann iniúcháir inmheánach an Ombudsman córais rialaithe inmheánacha agus na hoibríochtaí airgeadais a chuireann an oifig i gcrích go rialta. Mar atá amhlaidh i gcás institiúidí eile AE, déanann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa iniúchtaí ar an Ombudsman freisin.

## 6.2 Úsáid acmhainní

Gach bliain, glacann an tOmbudsman le [Plean Bainistíochta Bliantúil](#), ina sainiúitear gníomhartha nithiúla a bhfuil súil ag an oifig a thabharfaidh éifeacht do chuspóirí agus tosaíochtaí straitéis 5 bliana an Ombudsman dar teideal [i dTreo 2019](#). Is é Plean Bainistíochta Bliantúil 2019 an cúigiú plean atá bunaithe ar an straitéis seo.

Tá foireann ilteangach ardcháilithe ag an institiúid agus tá cothromaíocht inscne le tabhairt faoi deara sna poist bhainistíochta. Cinntíonn sé seo gur féidir leis an institiúid déileáil le gearáin faoi dhrochriarachán in 24 theanga oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus aird a tharraingt ar an obair atá ar bun ag an Ombudsman ar fud an AE. In 2019, bhí 66 phost i bplean bunaíochta an Ombudsman agus ina theannta sin d'fhostaigh sé 12 ghníomhaire ar conradh agus thairg sé taithí oibre do naonúr oiliúnaithe nua.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le struchtúr Oifig an Ombudsman agus cúraimí na n-aonad éagsúil le fáil ar [shuíomh gréasáin an Ombudsman](#).

---

# Conas dul i dteagmháil leis an Ombudsman Eorpach

## Ar an nguthán

+33 (0)3 88 17 23 13

## Trí ríomhphost

eo@ombudsman.europa.eu

## Ár n-oifigí



### Strasbourg


#### Seoladh poist

Médiateur européen  
1 avenue du Président Robert Schuman  
CS 30403  
F-67001 Strasbourg Cedex

#### Seoladh do chuairoteoirí

Bâtiment Václav Havel (HAV)  
Allée Spach  
F-67070 Strasbourg

## Ar líne

 [ombudsman.europa.eu](http://ombudsman.europa.eu)  
 [twitter.com/EUombudsman](https://twitter.com/EUombudsman)  
 [instagram.com/euombudsman](https://www.instagram.com/euombudsman)  
 [linkedin.com/company/272026](https://www.linkedin.com/company/272026)  
 [youtube.com/eotubes](https://www.youtube.com/eotubes)



### An Bhruiséil

#### Seoladh poist

Médiateur européen  
Rue Wiertz  
B-1047 Bruxelles

#### Seoladh do chuairoteoirí

Montoyer-Science (MTS)  
30 rue Montoyer  
B-1000 Bruxelles



Tá an *Tuarascáil Bhliantúil* seo arna foilsiú ar an idirlíon ag:

[www.ombudsman.europa.eu](http://www.ombudsman.europa.eu)

© an Aontais Eorpaigh, 2020

Mura léirítear a mhalairt, na grianghraif agus na hiomhánna go léir © An tAontas Eorpach, ach amháin an clúdach (© MarianVejcik / iStock).

Údaraítear atáirgeadh chun críocha an oideachais agus cúiseanna neamhthráchtála, ar choinneáil go n aithnítear an fhoinse.

Leagtha amach in *FrutigerNext*.

Print	ISBN 978-92-9483-143-9	ISSN 1830-7507	doi:10.2869/47891	QK-AA-20-001-GA-C
PDF	ISBN 978-92-9483-088-3	ISSN 1725-3241	doi:10.2869/2382	QK-AA-20-001-GA-N
HTML	ISBN 978-92-9483-087-6	ISSN 1725-3241	doi:10.2869/29898	QK-AA-20-001-GA-Q

Más maith leat leagan an fhoilseacháin seo a fháil i gcló mór, téigh i dteagmháil le hoifig an Ombudsman Eorpaigh.